Muire Na nDólás, Ascal Na nGarraí, Glas Naíon, D09K5R6
Registered Charity Number (RCN) Parishes Trust: 20016166
Oifig: Luan—Aoine, 10.30r.n.—12.30 i.n.
Rúnaí Aine Ridgeway
Guthán an pharóiste : 01 837 9445
Sacraistí Luan - Domhnach 10.30 r.n. - 12.30 i.n.
Foireann Colette Saunders Una Campbell
Guthán **017979153**
Ríomhphost: ourladyofdoloursparish@gmail.com
www.glasnevinparish.ie
www.facebook.com/ourladyofdoloursglasnevin
https://twitter.com/OfDolours
Sagart Paróiste: An tAthar Richard Sheehy
Fón: 01 558 2697 / 0872412459
Ríomhphost: richardesheehy@gmail.com
Co-Sagart Paróiste: An tAthar Paul Coyle Fón: 01 515 6765

Tá áthas orainn **Nuachtlitir Gaeilge** a bheith á chur ar fáil an deireadh seachtaine seo. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as agus beidh fáilte roimh aischothú agus tuairimí ó lucht an Aifrinn Ghaeilge sa pharóiste.

Ón Domhnach seo, 7 Samhain, táimid ag tabhairt cuireadh do pharóistigh teacht go dtí an altóir chun Comaoineach a ghlacadh. Iarraimid ar dhaoine atá ag suí i lár na heaglaise teacht suas i lár agus dul ar ais tríd na pasáistí ar thaobh. Ansin tabharfar cuireadh do na daoine ins na taobhanna teach suas na pasáistí agus dul ar ais taobh leis na fallaí.

Tá clúdaigh do liosta na marbh ar fáil ar chul na heaglaise. Cur ainmneacha na ndaoine gur maith leat go gcuimhneofaí orthu ar na piosaí páipéir atá ar fáil. Cur sa chlúdach iad agus fág sa taisceán led thoil.

Cuimhneófar ar na daoine ata ainmnithe ar na liostaí ag gach Aifreann i Mí na Samhna agus ar an gcéad Aoine de gach mí i rith na bliana

Tionólfar Seirbhís Chaoineadh agus Buíochais i Séipéal N. Columba, Bóthar Í, ar an Domhnach 28 Samhain ar 3 i.n.. Beimid ag guí ar son ghach éinne a fuair bás ó Covid 19, ag smaoineamh ar na rudaí go léir a chailleamar dá dheasca agus ag tabhairt aithintis do ghach éinne a thug cabhair agus cunámh eisceactiúil i rith an ama sin .Beidh léamh, ceol, macnamh, filíocht agus paidreacha mar chuid den seirbhís atá á eagru ag na paróistí i nGrúpa Ghlas Naíon. Más mian leat ainm duine a fuair bás le 20 mí anuas a bheith ar an liosta déan teagmháil le www.ionaroadparish.ie roimh 19 Samhain.

Ar an Domhnach 12 Nollaig beidh **Margadh na Nollag** i gcarrclós an tséipéil.. Má tá spéis agat seastán a thógáil chun ealaín, céird no earraí bácáilte a dhíol déan teagmhail le 018379445 nó 017979153.

Gabhaimíd buíochas le muintir an pharóiste a thugann síntiúis don chéad agus an tarna bailiúcháin ar Aifreann gach seachtain agus do bhailiúchan na dteaghlach. Is féidir íoc freisin ar an cnaipe "Donate" ar suíomh iidirlín an pharóiste, www.glasnevinparish.ie

Léfidh an tÁrdeaspag Dermot Farrell **Aifreann comóradh** ar son na sagairt ón deoise a fuair bás i rith na bliana ar an Satharn 13 Samhain ar 10.30 r.n. san Leas Árdeaglais. Is féidir an tAifreann sin a leanúint ar www.procathedral.ie

Tá Baillíúchán Náisiúnta á eagrú ag Trócaire an deireadh seachtaine seo 6/7 Samhain ag gach Aifreann.

Seo chun cabhrú le Trócaire cúnamh a chur ar fáil don Aifric Thoir agus an DRC áiteanna ina bhfuil na milliúin ar ti bás a fháil ón ocras.

Beidh an bailiúchán seo in ionad Share. Eolas ó www.trocaire.org

Tá ionad an pharóiste agus an halla ar oscailt arís. Gach eolas ó Noel ar 0879893160.

ANAM CARA Baile Átha Cliath Thuaidh, an eagraíocht a thugann tacaíocht do thuismitheoirí a fuair leanbh leo bás, ag eagrú Oíche do Thuismitheoirí ar an gCeadaoin, 17 Samhain in óstán Carnegie Court, Sórd.

Tá an ócáid saor agus oscailte do aon tuismitheoir is cuma cén aois a bhí an páiste, conas a fuair sé/sí bás nó ar tharla sé le déanaí nó i bhfad ó shin. Eolas ó info@anamcara.ie nó 0852888888.

Beidh cártaí do Nóibhéine Aifreann na Nollag, cártaí Nollag an pharóiste agus cártaí Aifreann na Nollag ar fáil go luath i mBearla agus i nGaeilge.

Sean Beannacht Éireannach

Go n-éirí an bóthar leat.
Go raibh an chóir ghaoithe i gcónaí leat.
Go dtaitní an ghrian go bog bláth ar d'é-adan,
Go dtite an bháisteach go bog mín ar do ghoirt.
Agus go gcasfar le chéile sinn arís,
Go gcoinní Dia i mbosa A láimhe thú.